

An tÚdarás Clárúcháin Maoine



Clárlann na Talún
Clárlann na nGníomhas



An tÚdarás Clárúcháin Maoine

Scéim Tionscnaimh na Gaeilge

2007 go 2010

faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

landdirect.ie



Cuid I

1. Réamhrá agus Cúlra Page 2
2. Forbhreathnú ar an Údarás Clárúcháin Maoine Page 3
3. Achoimre ar Sheirbhísí agus ar Imeachtaí an Údaráis Clárúcháin Maoine Page 4
4. Tosca a mbeidh tionchar acu ar an scéim Page 6
5. Custaiméirí agus Cliant an Údaráis Clárúcháin Maoine Page 6
6. Ábhar na Scéime Page 7
7. Soláthar seirbhísí trí Ghaeilge - an staid faoi láthair Page 8

Cuid II

8. Modhanna Cumarsáide Page 9
9. Soláthar Seirbhísí Page 10
10. Logainmneacha Page 12
11. Acmhainní Daonna agus Traenáil Page 13
12. Monatóireacht agus Athbhreithniú Page 14
13. Foilsiú na Scéime Aontaithe Page 14



1. Réamhrá agus Cúlra

D'ullmhaigh Clárlann na Talún/Clárlann na nGníomhas an scéim seo faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht"). Faoi fhorálacha an Achta um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006, cuireadh an tÚdarás Clárúcháin Maoine (PRA) ar bun amhail ar an 4 Samhain 2006 agus ón lá sin. Ghabh an PRA ionad Chláraitheoir na nGníomhas agus na dTeideal agus tá sé anois ar an "údarás clárúcháin" maidir le clárú maoine in Éirinn. Síos tríd an doiciméid seo, déanfar tagairt don eagraíocht seo mar PRA.

Soláthraíonn Alt 11 d'ullmhúchán na n-eagraíochtaí poiblí de scéim reachtúil a mhíneoidh na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le comhlíonadh chun bheith cinnte go gcuirfear aon seirbhís nach bhfuil curtha ar fáil ag an eagraíocht trí mheán na Gaeilge ar fáil laistigh d'am aontaithe.

1.1 Treoirínte d'ullmhú na Scéime

Chuir an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta Treoirínte na Scéime ar fáil faoi Alt 12 an Achta agus réitíodh an scéim seo faoi réir na dtreoir úd.

1.2 Comhairle

Faoi fhorálacha Ailt 13 den Acht, foilsíodh fógra dhátheangach san Irish Times, san Irish Independent san Irish Examiner agus i Lá ar an 7 Meán Fómhar agus i Foinse ar an 11 Meán Fómhair 2005, inar fógraíodh an rún chun scéim a ullmhú faoi Alt 11 agus inar fáiltíodh roimh aighneachtaí ó aon pháirtithe a raibh suim acu ann. Chomh maith leis sin tugadh cuireadh d'fhoireann an PRA a gcuid tuairimí a roinnt agus chuir fógra ar ár suíomh idirlín fáilte roimh aighneachtaí ó pháirtithe eile a raibh suim acu ann. Lorgaíodh comhairle ó Oifig an Ard Aighne agus rinneadh gníomhú de bhun na comhairle siúd le linn dréachtú na scéime. Chuathas i gcomhairle le roinnt custaiméirí indibhidiúlacha a thug le fios roimhe seo go raibh fonn orthu Gaeilge a úsáid agus iad ag plé leis an PRA. Cuireadh fáilte freisin roimh aighneachtaí ó Ghrúpa Fócas Custaiméara an PRA. Fuarthas 3 aighneacht san iomlán agus tá siad go léir ar fáil ar shuíomh idirlín na heagraíochta www.prai.ie. Tógadh san áireamh na haighneachtaí a fuarthas, na tuairimí agus na moltaí ó bhaill den Grúpa Oibre (a cuireadh ar bun do dhréachtú na scéime seo) agus an staid reatha laistigh den eagraíocht i dtaobh ábaltacht sa Ghaeilge i bhforbairt na scéime seo.

D'ullmhaigh an Grúpa Oibre, ar a raibh ionadaithe ó ranna feidhmiúla ar fad an PRA, an scéim seo. Tugtar an-aitheantas don am agus don iarracht atá curtha isteach acu siúd ar fad a bhfuil baint acu leis an bpróiseas. Rinneadh an dréachtscéim a scaipeadh ar an gComhairle Comhpháirtíochta lena faomhadh i Meitheamh 2006.

Is í Foireann Bainistíochta Shinsearach an PRA a bheidh freagrach as an scéim a cur i bhfeidhm, agus beidh monatóireacht leanúnach ar sholáthar seirbhíse agus ar éileamh ar na seirbhísí trí Ghaeilge faoi chúram Oifigeach na Seirbhíse Custaiméara (QCS), le cabhair ón bhFoireann Gaeilge. Sainithnítear i gcorp na scéime na háiteanna ina bhfeabhsófar sa todhchaí an tseirbhís a sholáthraíonn an PRA. Leanfaidh an PRA ar aghaidh ag tomhais éilimh a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge trí iniúchóireacht a



dhéanamh ar leibhéal na gceisteanna agus na n-achainíochta i gcomhair seirbhísí trí Ghaeilge in aon tréimhse. Déanfaidh an eagraíocht féin cinneadh maidir leis an ord tosaíochta i gcomhair soláthar seirbhísí trí Ghaeilge, le comhaontú an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

1.3 Dáta tosaigh na Scéime

Tá an scéim seo daingnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Thosaigh an scéim seo le héifeacht ó 26 Márta 2007 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta seo nó go dtí go bhfuil scéim nua daingnithe ag an Aire faoi Alt 15 an Achta, pé acu is luaithe.

2. Forbhreathnú ar an Údarás Clárúcháin Maoine

Faoi fhorálacha an Achta um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006, cuireadh an tÚdarás Clárúcháin Maoine (PRA) ar bun amhail ar an 4 Samhain 2006 agus ón lá sin.

Ghabh an PRA ionad Chláraitheoir na nGníomhas agus na dTeideal agus tá sé anois ar an "údarás clárúcháin" maidir le clárú maoine in Éirinn. Is comhlacht reachtúil é an tÚdarás atá ionadaitheach do phríomhúsáideoirí agus do phríomhthomhaltóirí na seirbhísí clárúcháin maoine.

Is iad na príomhfheidhmeanna atá ag an PRA nua ná bainistiú agus rialú a dhéanamh ar Chlárlann na nGníomhas agus ar Chlárlann na Talún agus leathnú a dhéanamh ar chóras clárúcháin na dteideal chun go gcuimseofaí clárúcháin talún.

Tógfaidh an tÚdarás nua ar an obair atá déanta ar an gclár um nuachóiriú atá faoi lán seoil cheana féin sna Clárlanna. Beidh ról gníomhach ag an Údarás i gcothú clárúcháin úinéireachta talún d'fhonn tÍolacadh leictreonach a thabhairt isteach.

Forbhreathnú ar na seirbhísí a soláthraítear

Tá dhá chóras ar leith ann chun idirbhearta i ndáil le maoin in Éirinn a thairgeadh:

- An córas Clárú Teidil atá á fheidhmiú ag Clárlann na Talún ó 1892 i leith
- An córas Clárú Gníomhas atá á fheidhmiú ag Clárlann na nGníomhas ó 1708 i leith

Na príomhfheidhmeanna atá ag an PRA nua ná bainistiú agus rialú a dhéanamh ar Chlárlann na nGníomhas agus ar Chlárlann na Talún agus an córas clárúcháin um theideal maoine a fhorleathnú agus a chur chun cinn.



3. Achoimre ar Sheirbhísí agus ar Imeachtaí an Údaráis Clárúcháin Maoine

3.1 Feidhmeanna na Clárlainne Talún

Bunaíodh Clárlann na Talún in 1892 chun córas de chlárú teidil éigeantach a sholáthar a bheadh simplí, neamhchostasach agus sorochtana.

Nuair a chláraítear teideal i gClárlann na Talún comhdaítear na gníomhais sa Chlárlann agus déantar na sonraí iomchuí go léir a bhaineann leis an maoin agus le húinéireacht na maoin a iontráil ar chlár ar a dtugtar fóiliónna a chothabháiltear i gClárlann na Talún. Cothabhálann Clárlann na Talún léarscáileanna mar aon le fóiliónna. Tá na cláracha (fóiliónna agus mapaí gaolmhara) atá ann anois coimeáda i bhformáid leictreonach. Tá obair ar bun anois chun an t-eolas seo ar fad a thiontú go hiomlán go formáid digiteach.

D'fhág an Registration of Title Act, 1891, go mbeadh clárú teidil éigeantach i gcás na talún go léir a cheannofaí amach faoi na Land Purchase Acts.

D'fhág sé sin go gcaithfí i hidirbhearta go léir dá éis sin i ndáil leis an talamh a chlárú.

Rinneadh socrú breise leis an Acht um Chlárú Teidil, 1964 maidir leis an gcóras a leathnú trína shocrú gurbh éigean úinéireacht an méid seo a leanas a chlárú:

- (i) Talamh a gheobhadh aon Údarás Reachtuil tar éis an 1 Eanáir 1967
- (ii) Talamh a dhíolfaí i limistéar ina mbeadh ordú déanta ag an Aire Dlí agus Cirt go mbeadh clárú éigeantach. Tá clárú éigeantach i gContae Ceatharlaigh, na Mí agus Laoise. Tá clárú éigeantach sínte go 3 contae breise, (An Longfort, Ros Comáin, An Iarmhí) faoin Ordú dar dáta 23 Meán Fómhair 2005, I.R. Uimh. 643 de 2005. Is ar 1 Aibreán 2006 a tháinig an t-ordú seo i bhfeidhm.

Is fianaise dhochloíte an clár ar theideal chun maoin agus ar aon cheart, pribhléidí, comhghabhálas nó ualach a ghabhann leis. Feidhmíonn Clárlann na Talún córas teorann neamh-dhochloíte rud a fhágann nach gcuirtear in iúl ar an léarscáil an bhfuil fál, balla nó claí srl i gceist sa teorainn. Ní mór, áfach, na gnéithe fisiceacha a dtéann na teorainneacha feadh iad a shainaithint go cruinn.

Tá an teideal a thaispeántar ar an bhfóilió faoi ráthaíocht ag an Stát, agus má bhaineann cailteanas d'aon duine mar gheall ar bhotún a dhéanann Clárlann na Talún, tá de cheangal ar an Stát é nó í a shlánú. Tá cothú agus síniú clárúcháin úinéireachta talún ar ceann de phríomhaidhmeanna an Údaráis Clárúcháin Maoine.

Ritheann an tÚdarás Clárúcháin Maoine an Scéim Ceannaithe na mBunchíosanna faoin Acht um Thiarnaí Talún agus Tionóntaí (Bunchíosanna) (Uimh. 2), 1978 faoin ar féidir le hiarrthóirí tionóntacha táille shimplí agus aon chearta idirmheánacha ina gcuid áitribh a cheannach trí modh comhthoilithe nó trí mhodh eadránaithe agus is féidir le haon pháirtí a bhí i dteideal ruilse nó aon chearta idirmheánacha iarratais airgead ceannaithe a chur isteach chun a chruthú go bhfuil siad i dteideal airgead ceannaithe.

3.2 Seirbhísí a sholáthraíonn Clárlann na Talún

- Cothabháil clárlanna cruinne, taifid agus mapaí gaolta maidir le teideal cláraithe atá údarásach, suas chun dáta, oscailte agus inrochtana don phobal.
- Soláthar fianaise ar theideal (cóipeanna oifigiúla deimhnithe de fhóiliónna) agus cóipeanna oifigiúla deimhnithe de mhapáí.



- Próiseáil agus deimhniú a dhéanamh ar chuardaigh oifigiúla i gcoinne na gClárlann agus na mapáí Clárlainne.
- Soláthar seirbhísí oifige poiblí.

Cuirtear cuid maith de na seirbhísí ar fáil do shealbhóirí cuntais go leictreonach trí tháirseach Ghréasáin na Clárlainne Talún www.landdirect.ie.

3.3 Feidhmeanna na Clárlainne Gníomhas

Bunaíodh Clárlann na nGníomhas i 1708 chun córas a chur ar fáil maidir le clárú saorálach le haghaidh gníomhas agus tíolacas a fhearann ar thalamh agus chun tosaíocht a thabhairt do ghníomhais chláraithe ar ghníomhais incláraithe nach bhfuil cláraithe.

Nuair a chláraítear gníomhas i gClárlann na nGníomhas ní chomhdaítear ansin é; cuirtear ar ais é chuig an bpáirtí a sheachaid é lena chlárú.

Is Meabhrachán an doiciméad a chomhdaítear i gClárlann na nGníomhas ar achoimre den ghníomhas é go bunúsach agus bíonn nithe eile ann freisin de réir ceanglas reachtúil.

Is iad is Achomaireachtaí ann na doiciméid phríomha a úsáidtear le haghaidh cuardach dlí agus is í an Chlárlann a ullmhaíonn iad. Is é atá in achomaireacht na codanna riachtanacha den ghníomhas i bhformáid struchtúrtha mar a fhorordaítear le hAcht 1832.

Is féidir le duine atá ag ceannach talún neamhchláraithe cuardach a dhéanamh i gClárlann na nGníomhas chun a fhollasú an ann do ghníomhais a fhearann ar mhaoín áirithe. Ní mór dó nó di, áfach, na gníomhais iad féin a léamh chun an teideal chun na maoine a scrúdú. Má chailltear gníomhas d'fhéadfaí meabhrachán de ghníomhas a bheith ina fhianaise ar a bhfuil sa ghníomhas.

Ceadaíonn forálacha an Achta um Chlárú Gníomhas agus Teidil 2006 dréachtú Rialacha nua a bhaineann le hoibriú na Clárlainne.

3.4 Seirbhísí a sholáthraíonn Clárlann na nGníomhas

Is iad príomhfhreagrachtaí na Clárlainne Gníomhas ná:

- Clárú gníomhas agus doiciméad a bhaineann le talamh neamhchláraithe de réir reachtaíocht rialaithe
- Cothabháil Innéacs Clárúcháin na nAinmneacha Gníomhas atá cruinn agus suas chun dáta agus é oscailte agus inrochtana don phobal.
- Cothabháil na Meabhracháin agus na hAchomaireachtaí atá oscailte agus inrochtana don phobal.
- Ag déanamh cuardaigh oifigiúla i gcoinne thairfead na Clárlainne ar son an phobail.
- Áiseanna a sholáthar don phobal chun cuardaigh a dhéanamh; cuardaigh ginealais i gcoinne thairfead na Clárlainne ina measc.
- Soláthar cóipeanna na Meabhrachán

3.5 Limistéir Feidhme

Eagraíocht il-araíonachta is ea an t-Údarás Clárúcháin Maoine ina bhfuil lucht oibre údaraithe de 774 duine a líonann 665 post ina bhfuil pearsanra dlíthiúil, teicniúil agus riaracháin. Faoi láthair, tuairiscíonn



an fhoireann Bainistíochta Shinsir don Phróimhfheidhmeannach, agus tá sí mar ionadaí ar na réimsí feidhme uile.

Faoi láthair tá Clárlann na Talún eagraithe ar bhonn tíreolaíochta ar chúiseanna riaracháin. Tá ceithre oifig i mBaile Átha Cliath agus oifig amháin i bPort Láirge. Faoi Chlár Dílárú an Rialtais beidh thart ar 230 den lucht oibre díláráithe go hoifigí nua i mbaile Ros Comáin roimh 2009. Tá páirtí luathaithe de 33 ball foirne tar éis bogadh go lóistín gearrthéarmach ag Foirgnimh an Rialtais, Bóthar an Chlochair, Ros Comáin. Tá Clárlann na nGníomhas lonnaithe ar Shráid Henrietta i mBaile Átha Cliath.

3.6 Réimsí Tacaíochta

Tacaíonn obair na n-aonad seo a leanas le hobair na nAonad Réigiúnacha:

Aonad TF

Aonad na nAcmhainní Daonna (traenáil san áireamh)

Aonad Airgeadais

Aonad na Seirbhísí Corparáide

Aonad na Seirbhísí Custaiméara

Iniúchadh Inmheánach

4. Tosca a mbeidh tionchar acu ar an scéim

4.1 Dílárú

Faoi Chlár Dílárú an Rialtais beidh thart ar 230 den lucht oibre díláráithe go hoifigí nua i mbaile Ros Comáin. Meastar go mbeidh ráta athraithe suntasach foirne ag titim amach ón dílárú, le caillteanas ard bhaill foirne a bhfuil taithí acu ar an obair dá bharr. Cé nach mbeidh an PRA in ann a bheith i bhfeighil earcú foirne i gcomhair díláráithe ó thaobh chumais sa Ghaeilge, déanfaimid dianiarracht chun forbairt a dhéanamh ar scileanna Gaeilge i ngach limistéar le linn agus tar éis an díláráithe mar chuid dár gclár oiliúna. Ciallaíonn castacht agus nádúr dlíthiúil na hoibre, áfach, go mbeidh sé mall go leor go dtí go mbeidh cumas sách ard ann gnó a dhéanamh trí Ghaeilge san oifig nua dhíláráithe. Meastar go mbeidh an fhoireann Gaeilge reatha ag plé le hiarratais scríofa ar chlárúchán sna réimsí a chlúdóidh an oifig díláráithe le linn an tréimhse seo.

5. Custaiméirí agus Cliant an Údaráis Clárúcháin Maoine

Cuireann na Clárlann seirbhísí ar fail do na cliant seo a leanas:

- Lucht dlí
- An pobal
- Lorgóirí proifisiúnta, dlíthiúil agus ginealais
- Ranna Stáit (m.sh. Talmhaíocht, Coimisiún na Talún, Oifig na nOibreacha Poiblí, Ioncam, Leas Sóisialta, Oideachas agus an Oifig Luachála)



- Údarás reachtúla agus áitiúla (m.sh. BSL, Bord Gáis agus Bord na Móna)
- Comhlachais Proifisiúnta (m.sh. ailtirí, innealtóirí, suirbhéirí agus taighdeoirí Ginealais)
- An tSuirbhéireacht Ordanáis Éireann
- Na Meáin.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach do na páirtithe leasmhara seo a leanas:

- An tÚdarás Clárúcháin Maoine
- An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
- Foireann na gClárlann
- An tAire Airgeadais
- Tithe an Oireachtais
- An tOmbudsman
- An Coimisinéir Faisnéise
- An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Na Cúirteanna (an Ard-Chúirt agus na Cúirteanna Cuarda, go háirithe)
- An Chomhairle Rialacha Reachtúla
- Daoine a bhfuil leas cláraithe acu i maoin

6. Ábhar na Scéime

Tá an PRA, mar eagraíocht, tiomanta chun forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh. Tá tiomantas i gcairteacha custaiméara an PRA seirbhísí a sholáthar dóibh siúd ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Leagtar amach i gCaibidil 7 na scéime thíos fairsingeacht na seirbhísí a bhfuil fáil orthu faoi láthair trí Ghaeilge. Sonraítear réimsí i gcomhair feabhais i seachadadh na seirbhíse sa todhchaí i gcaibidil 8 go 11. Sonraíodh sna Rialacha um Chlárú Talún 2006 (I.R. 558 de 2006) gur féidir an Chlárlann a choinneáil i gceachtar den dá theanga nó le cuid de i nGaeilge agus cuid de i mBéarla. Mar sin, clárófar iarratais le haghaidh clárú sa teanga oifigiúil ina chuirtear isteach na bundoiciméid le haghaidh clárú ag an iarrthóir - (féach alt 9.1.4 thíos). Rachaidh an PRA i gcomhairle le Clárlann Talún Shasana agus na Breataine Bige chun tarraingt ar a dtaithe ar sholáthar Clárlainne Talún in dá theanga.

Nuair a thugtar faoin gcéad uasghrádú eile ar an Slánchóras Eolais um Chlárú Teidil (ITRIS) agus ar ár seirbhís idirghníomhach (landdirect.ie), glacfaimid an deis chun an fheidhmiúlacht a fhorbairt chun soláthar na seirbhísí seo trí Ghaeilge a fhágáil níos éasca. Pléitear é seo i gCaibidil 9.3 den scéim.

Le linn na céad Scéime, déanfaimid monatóireacht ar an éileamh ar na seirbhísí agus beidh sé mar aidhm againn soláthar na seirbhísí agus an leibhéal éilimh ó chustaiméirí a mheaitseáil le himeacht ama. Is éard atá mar aidhm againn le linn saol na scéime seo agus scéimeanna eile a leanfaidh í ná chun seirbhís ar ardchaighdeán a fhorbairt do chustaiméirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh leis an PRA trí Ghaeilge, seirbhís a bheadh ar an gcaighdeán céanna leis an tseirbhís a sholáthraítear trí Bhéarla.



7. Soláthar seirbhísí trí Ghaeilge - an staid faoi láthair

7.1 Iarratais le haghaidh Clárú

Bunaíodh foireann teanga na Gaeilge sa bhliain 2004 le ceathrar dhuine dhéag den bhfoireann atá in ann seirbhís a chur ar fáil nó atá ag feabhsú a gcuid scileanna chun seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge. Tá ochtar dóibh siúd suite inár n-oifig i bPort Láirge. Tá na scileanna riachtanacha ar fad ag an hoifigigh seo i dteannta a chéile chun na próisis ar fad a chomhlíonadh a bhaineann le hiarratas le haghaidh clárú trí mheán na Gaeilge. Tá sé de dhualgas ar an bhfoireann seo faoi láthair déileáil leis na hiarratais ar fad le haghaidh clárú a bhíonn curtha isteach trí Ghaeilge i ngach contae. Tá nósanna imeachta neamhfhoirmiúla maidir le soláthar fóiliúna Gaeilge leagtha amach. Déanfar forbairt agus foirmiúlacht níos fearr orthu siúd i rith na scéime.

Tá na baill eile den bhfoireann seo roinnte ar na hoifigí i mBaile Átha Cliath agus déanann siadsan próiseáil ar iarratais maidir le seirbhísí mar cóip fóilió/ plean comhdaithe agus Cuardaithe.

D'fhreastal baill den bhfoireann ar chúrsaí traenála éagsúla, cúrsaí eagraithe ag Gaeleagras ina measc. Tá cúrsa Diplóma Gaeilge atá curtha ar fáil ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh á dhéanamh ag seisear den bhfoireann i láthair na huaire. Tá acmhainní éagsúla curtha ar fáil don bhfoireann, foclóirí agus aistriúcháin ar na ceisteanna comhfhreagrachta is coitianta san áireamh.

7.2 Seirbhís Teileafón

Tá roinnt den bhfoireann Gaeilge in ann déileáil le fiosruithe teileafón agus le fiosruithe ag an gcuntar poiblí. Tá liosta de na daoine seo ar fáil do gach ball dár bhfoireann ar an Lónra Inmheánach.

7.3 Foirmeacha & Bileoga

Tá na Rialacha um Chlárú Talún 1972 agus na Foirmeacha a leagann siadsan amach foilsithe go dátheangach ag Oifig an tSoláthair, Sráid Theach Laighean, BÁC 2. Tá ár bhfoirmeacha is coitianta a úsáidtear (foirm um iarratas ar chóip d'fhóilió, cóip d'fhóilió/plean comhdaithe, cóip d'fionstraimí mar aon leis an iarratas ar chlárú- Foirm 17) le híoslódáil ar an suíomh idirlíon www.prai.ie sa dá theanga oifigiúla.

7.4 Suíomh Idirlíon

Tá leathanach Gaeilge ar ár suíomh idirlíon www.prai.ie faoi láthair ina bhfuil

- eolas ar fheidhm agus ar sheirbhísí Chlárlann na Talún agus Chlárlann na nGníomhas.
- foirmeacha iarratais coitianta Chlárlann na Talún
- Cairteanna Custaiméirí agus nósanna imeachta gearán don dá Chlárlann.
- Nasc chuig an Acht um Chlárú Teidil 1964 (le fáil trí nasc ar an leathanach Gaeilge go www.achtanna.ie)

7.5 Foilseacháin

Foilsíodh na Cairteanna Custaiméirí agus nós imeachta gearán an PRA go dátheangach sa bhliain 2004. Tá siad seo le fáil ar ár suíomh idirlíon nó i gcóip chrua ach iad a iarraidh.

7.6 Gearáin agus achomhairc

Pléitear na nósanna imeachta gearán agus achomhairc tríd an ngnáthsheirbhís gearán QCS. Déileáiltear le gearáin maidir le seirbhísí trí mhéan na Gaeilge tríd an ngnáthsheirbhís gearán QCS.

Réimsí ina bhféadfaí an seirbhís trí Ghaeilge a fhorbairt agus a fheabhsú amach anseo



8. Modhanna Cumarsáide

8.1 Teileafón

- Cruthófar uimhir 1890 nua le haghaidh fiosruithe trí Ghaeilge. Tabharfaidh sé seo deis don chustaiméar teagmháil dhíreach a dhéanamh le duine den bhfoireann Gaeilge. Scaipfear an uimhir nua seo ar gach ceann de na móreagraíochtaí Gaeilge.

(laistigh de thrí mhí ó thús na scéime)

- Tabharfaidh foireann an lasc-chláir a bhíonn ag freagairt na huimhreach 670 7500 ainm na heagraíochta as Gaeilge agus as Béarla agus aistrefar té atá ag gaoch chuig ball den bhfoireann Gaeilge gan mhoill.

(ó thús na scéime)

- Glórphost - beidh teachtaireachtaí le cloisteáil as Béarla agus as Gaeilge má tá cumas dátheangach ag an mball áirithe sin den bhfoireann.

(laistigh de thrí mhí ó thús na scéime)

8.2 Foireann an Chuntair Poiblí

Tá an PRA lonnaithe i gcúig fhoirgneamh difriúla faoi láthair (ceithre cinn i mBaile Átha Cliath agus aon cheann amháin i bPort Láirge) ach tá sé i gceist na hoifigí ar fad i mBaile Átha Cliath a chur le chéile in aon oifig amháin. Inár gcéad scéim táimid chun béim a chur ar sheirbhísí ag an gcuntar poiblí i dtrí áit - ár gcuid oifigí i Sráid na Seansaíreachta agus san Ionad Setanta i mBaile Átha Cliath agus inár gcuid oifigí i bhFoirgnimh an Rialtas, Bóthar Chorcaí, Port Láirge - agus cuirfear struchtúir oiriúnacha i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh seirbhís dátheangach le fáil ó na hoifigí seo. Maidir le fiosruithe níos casta tógfaidh an t-oifigeach sonraí na ceiste agus tiocfaidh sé ar ais chuig an bhfiafraitheoir le freagra, mar a dhéantar le fiosruithe Béarla. Is comhlacht le haghaidh clárú é an PRA, áfach, agus ní comhlacht comhairleach é, agus ní féidir le foireann an PRA aon chomhairle dlí a thabhairt i gcásanna áirithe, i gceachtar de na teangacha oifigiúla.

(roimh dheireadh bhliain 1 den scéim).

8.3 Suíomh idirlíon

Tá ábhar Béarla an tsuímh á nuashonrú againn faoi láthair. Nuair a bheidh an próiseas sin críochnaithe cruthófar leagan Gaeilge den tsuíomh. Déanfar forbairt ar an tsuíomh Gaeilge de réir a chéile trí thréimhse na scéime. Beidh an tsuíomh seo díreach mar an gcéanna leis an tsuíomh a bheidh ann tar éis na hathseolta ó thaobh ábhar statach de, ach amháin i gcás na "Practice Directions" agus fógraí oifigí dlí atá teicniúil ó thaobh dlí de.

(ag tosú laistigh de thrí mhí tar éis nuashonrú an tsuímh atá ann anois).

8.4 Foilseacháin

Mar aon lenár n-oibleagáidí reachtúla faoi Alt 10 foilseoidimid bileoga eolais agus bróisiúir go dátheangach agus laistigh de chlúdach amháin, ach amháin i gcásanna nuair nach bhfuil sé seo indéanta de bharr oiread, leagan amach nó an saghas ruda atá i gceist.



Tá an Lámhleabhar de chuid na Clárlanna faoi Alt 15 de na hAchtanna Saorála Faisnéise 1997 & 2003 á athbheithniú faoi láthair. Foilseofar an lámhleabhar nua seo i nGaeilge agus i mBéarla.

(roimh dheireadh bhliain 1 den scéim)

8.5 Preaseisiúintí agus óráidí

Cuirfear óráidí ar fáil sa teanga ina dtugtar iad.

Foilseofar 80% de ghnáthfhógraí chustaiméirí go dátheangach ar ár suíomh idirlíon.

Tá sé ar intinn ag an PRA 10% dár bPreaseisiúintí a chur ar fáil go dátheangach

(laistigh de trí mhí ó thús na scéime)

8.6 Cruinnithe poiblí

Cé nach mbíonn cruinnithe poiblí ag an PRA, eagraítear seimineáir le haghaidh aturnaetha agus custaiméirí eile ó am go ham. Cuirfear sonraí dár mbeartas i leith na Gaeilge ar fáil ag na himeachtaí seo. Ina theannta sin, glacfar leis an deis seo chun ceist a chur ar na daoine a bheidh i láthair an úsáideann siad ár seirbhísí Gaeilge agus beidh a gcuid tuairimí á lorg againn i dtaobh na seirbhíse sin.

(ó thús na scéime)

8.7 Reachtaíocht agus Ionstraimí Reachtúla

Tá an tAcht um Chlárú Teidil 1964 le fáil sa dá theanga trí nasc ar an suíomh idirlíon. Tá na Rialacha um Chlárú Talún 1972 le fáil i mBéarla ar an suíomh idirlíon. Beidh an tAcht um Chlárú na nGníomhas agus Teidil 2006 agus na Rialacha Cláraithe Talún nua le fáil sa dá theanga ar an suíomh idirlíon chomh luath agus a bheidh siad curtha ar fáil trí Ghaeilge ag Rannóg an Aistriúcháin.

9. Soláthar Seirbhísí

9.1 Seirbhísí Chlárlann na Talún

9.1.1 Iarratais ar chuardaigh

Beidh foirmeacha iarratais le haghaidh cuardaithe le fáil sa dá theanga ar an suíomh idirlíon. Tabharfar torthaí na gcuardach i dteanga an doiciméid foinse. Beidh cóipeanna crua de na foirmeacha iarratais ar fáil go dátheangach. (Féach alt 9.3.1 thíos le haghaidh sonraí maidir le cuardaithe leictreonacha trí landdirect.ie)

(laistigh de trí mhí ó thús na scéime)

9.1.2 Iarratais ar chóip d'fhóilió, cóip d'fhóilió/plean comhdaithe, cóip d'ionstraimí

Tá foirmeacha iarratais le fáil anois sa dá theanga ar an suíomh idirlíon. Beidh cóipeanna crua de na foirmeacha iarratais le fáil go dátheangach ach amháin nuair nach bhfuil sé seo indéanta de bharr oiread, leagan amach nó an saghas ruda a bhíonn ar an bhfoirm.

9.1.3. Iarratais ar Bhunchíosanna

Beidh Foirmeacha iarratais A, B agus C ar fáil ar an idirlíon sa dá theanga.

(laistigh de trí mhí ó thús na scéime)



Eiseofar Deimhniú Dílseacháin as Gaeilge má chuirtear isteach an t-iarratas as Gaeilge.

(ó thús na scéime)

9.1.4 Iarratais ar chlárú i gClárlann na Talún

Clárófar iarratais le haghaidh clárú sa teanga oifigiúil ina chuirtear isteach na bundoiciméid le haghaidh clárú ag an iarrthóir. Ní féidir leis an gcóras TF (ITRIS) atá againn faoi láthair déileáil le hiarratais le haghaidh clárú as Gaeilge. Déanfar forbairt ar nósanna imeachta nua, a bheidh comhoiriúnach don gcóras TF atá againn faoi láthair, chun eisiúint fóiliónna as Gaeilge a éascú nuair a chuirtear isteach na bundoiciméid as Gaeilge.

Ina theannta sin, clárófar iontrálacha clárlainne indibhidiúla i dteanga oifigiúil an bhundoiciméid ar a bhfuil siad bunaithe. Mar sin beidh roinnt fóiliónna i nGaeilge amháin, roinnt eile i mBéarla amháin agus laistigh de fhóiliónna áirithe beidh meascán de Ghaeilge agus Béarla.

(laistigh de sé mhí ó thús na scéime)

Ní mholtar go mbeidh úinéir cláraithe in ann iarratas a chur isteach le haghaidh iompú fóilió ó Bhéarla go Gaeilge (ná a mhalairt).

Má iarrtar orainn, áfach, cuirfimid aistriúcháin d'fhóiliónna Béarla amháin nó Gaeilge amháin ar fáil (nó iontrálacha indibhidiúla ar fhóiliónna). Beidh séanadh stampáilte ar a leithéid d'aistriúcháin nach bhfuil stádas dlí ag na haistriúcháin seo.

(laistigh de thrí mhí tar éis tús na scéime)

Ní féidir le cuideachta bheith cláraithe mar úinéir talún ach sa teanga ar a bhfuil sí curtha isteach in Oifig na gCuideachtaí. Ar an gcuma chéanna, ní féidir le foras airgeadais bheith cláraithe mar úinéir muirir ach ina ainm oifigiúil.

(ó thús na scéime)

9.2 Seirbhísí Chlárlann na nGníomhas

9.2.1 Cuardaigh

Is féidir cóipeanna de na foirmeacha iarratas le haghaidh cuardach a fháil ón suíomh idirlín i mBéarla nó i nGaeilge.

Tabharfar Torthaí na gCuardach (mar aon le gnáthchuardaigh, cuardaigh dhiúltacha agus cuardaigh ghinealach) i dteanga an bhundoiciméid.

(laistigh de shé mhí tar éis tús na scéime)

9.2.2 Cóipeanna Meabhrachán

Is féidir foirmeacha iarratais a phriontáil ón suíomh idirlín i nGaeilge nó i mBéarla.

(laistigh de shé mhí tar éis tús na scéime)

I gcás iarratais le haghaidh cóip Mheabhracháin trí Ghaeilge, cuirfear cóip den Mheabhracháin a bhaineann leis ar fáil don chustaiméir sa teanga ina raibh sé curtha i gcomhad i gClárlann na



nGníomhas ar dtús. I ngach cás, tabharfar ainmneacha na ndéontóirí/ndéontaí sa teanga ina bhfuil siad cláraithe i gClárann na nGníomhas.

9.2.3 Iarratais le haghaidh clárú i gClárann na nGníomhas

Is féidir cóipeanna crua de na foirmeacha iarratas a phriontáil ón suíomh idirlín i nGaeilge nó i mBéarla. Caitheann an t-iarratasóir an Meabhrachán a chur isteach sa teanga chéanna ná an gníomhas ar a bhfuil sé bunaithe.

(ó thús na scéime)

9.3. Teicneolaíocht na Faisnéise

9.3.1 Córais Ríomhaire agus Seirbhísí Idirlín

Is é ITRIS (Integrated Title Registration Information System) an córas leictreonach cúlra atá á úsáid ag an gClárann Talún chun iarratais a phróiseáil agus chun fóilióna agus eolas cás-oibre gaolmhar a stóráil. Níl an cumas ag an gcóras seo, a leagadh amach sna 1990í agus a tugadh isteach i 1999, próiseáil a dhéanamh ar iarratais chlárúcháin trí Ghaeilge.

Is córas leictreonach idirghníomhach é landdirect.ie (EAS roimhe sin) inar féidir le sealbhóir cuntais leas a bhaint as a lán dár seirbhísí ar líne. I measc na seirbhísí atá curtha ar fáil tá áiseanna chun maoin a chuardach agus a aimsiú trí úsáid a bhaint as ár mapa digiteach agus ár n-innéacs maoin chun seoladh a chuardach agus fóilió a aimsiú. Tugann sé an deis do shíntiúsóir cóipeanna d'fhóilióna/ mapaí comhdaithe a ordú ar líne. Cé go dtugann landdirect.ie an deis do shíntiúsóir an t-innéacs ainmneacha d'ainmneacha Gaeilge a chuardach, ní féidir cóipeanna d'fhóilióna/ plean comhdaithe trí Ghaeilge a ordú trí sheirbhís leictreonach landdirect a úsáid.

Beidh uasghrádú á thabhairt do chórais landdirect.ie agus ITRIS ag tosú i 2009. Beidh athruithe móra i gceist leis an teicneolaíocht seo agus tabharfaidh sé an deis dúinn an fheidmiúlacht riachtanach a fhorbairt chun ár seirbhísí ar líne a sheachadadh go dátheangach den chéad uair.

Mairfidh ainm na seirbhíse - landdirect.ie - mar ainm branda, i mBéarla amháin, áfach.

10. Logainmneacha

Faoi Cuid 4(2) d'Acht na Suirbhéireachta Ordanáis Éireann 2001 (a bhí leasaithe ag cuid 34 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003) réitítear léiriú na logainmneacha trí theanga na Gaeilge nó i dteangacha an Bhéarla agus na Gaeilge ar mhapaí na Suirbhéireachta Ordanáis. Tá na logainmneacha oifigiúla sna ceantair Ghaeltachta leagtha amach san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 (I.R. 872 de 2004) atá déanta ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Faoi láthair, tá Suirbhéireacht Ordanáis Éireann i lár bheith ag athrú a mapaí bunachair go teilgean mapála nua, an teilgean "Irish Transverse Mercator" (ITM). Tá Togra Mapála Digitigh na Clárlainne Talún ar siúl faoi láthair chomh maith. Sna cúig bliana amach anseo glacfaidh mapaí ITM digiteacha nua áit na



mapaí bunachair pháipéir atá ann faoi láthair. Beidh ainmneacha na mBaile Fearainn curtha ar fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla i leaganacha athbhreithnithe na mapaí. Oibreoimid go géar leis an tSuirbhéireacht Ordanáis chun uas-éifeachtúlacht a bhaint amach i dtionscadal na logainmneacha Gaeilge. **(ag tosú nuair a bheidh na mapaí nua SOE curtha ar fáil)**

Chomh luath agus atá na mapaí SOE athbhreithnithe ar fáil, beimid ábalta bheith cinnte go mbeidh logainmneacha Gaeilge na Gaeltachta úsáidte mar réamhshocrú ar an gClárlann i gceantair Ghaeltachta nuair atá foilíonna á gcruthú. Beidh leasú á dhéanamh ar na foilíonna indibhidiúla atá ann faoi láthair nuair atá gníomhaíocht de shaghas éigin ar an bhfoilió. (m.sh. nuair atá iarratas nua taiscthe le clárú)

San idirlinn, sa chaoi go gcloítear le Cuid 85 den Acht um Chlárú Teidil 1964, beidh bunachar sonraí na logainmneacha atá á n-úsáid i gClárlann na Talún i mBéarla. Cuirfimid isteach sonraí na mBarúntachtaí agus na mBailte Fearainn i nGaeilge sna ceantair Gaeltachta, chun go gcloítear le hAcht na dTeangacha Oifigiúla freisin. Cloífimid leis an bpróiseas seo sna cásanna ina dtaisctear na doiciméidí bunúsacha trí Ghaeilge.

(ó thús na scéime)

11. Achmhainní Daonna agus Traenáil

11.1 I dteannta na mbeart atá socraithe cheana féin, beidh an t-Aonad Achmhainní Daonna ag:

- Cur eolas san áireamh faoin bpolasaí teanga s'againne mar chuid dár n-oiliúint ionduchtúcháin agus traenáil sheirbhís custaiméara. **(laistigh de trí mhí tar éis tús na scéime)**
- Soláthar liosta atá suas chun dáta de bhaill foirne na Gaeilge go dtí an lucht fáilte, lasc-chláir agus na n-aonad tacaíochta custaiméara. Cuirtear an liosta seo ar fáil ar an Inlón **(ó thús na scéime)**
- Tabhairt tacaíochta don fhoireann a bhfuil pas faighte acu i scrúdú inniúlachta Gaeilge na Státseirbhíse a scileanna a úsáid agus a mhéadú
- Soláthar liosta de "Ceistanna Coitianta" chun cúnamh a thabhairt leis an bhfoireann bheith ag déileáil le fiosrúcháin ag an gcontar poiblí **(ó thús na scéime)**
- Tabhairt cúnamh d'fhorbairt scileanna inniúlachta Gaeilge i measc an lucht oibre atá/ a bheidh ag seachadadh seirbhíse trí Ghaeilge. Beidh sé seo ag brath ar riachtanais feidhmiúcháin iomaíocha cothromúla na gClárlann. **(ó thús na scéime)**
- Ag tabhairt comhairle don fhoireann faoin réimse ranganna Gaeilge atá ar fáil lasmuigh d'uaireanta oscailte (m.sh. Dioplóma tríú leibhéal sa Ghaeilge, Gael Linn, Conradh na Gaeilge srl. **(ó thús na scéime)**
- Scéim aisíochta na dtáillí a chothú mar mheicníocht chun spreagadh a thabhairt do thraenáil trí mheán na Gaeilge **(ó thús na scéime)**
- Chun léirbhreithniú a dhéanamh ar líon na foirne a bhfuil oiliúint acu sa Ghaeilge agus bearta a aithint chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh **(le linn cúrsa na scéime)**
- Measúnachtaí reatha a dhéanamh ar chúrsaí teanga na Gaeilge atá á soláthar do na Clárlanna chun a chinntiú cé chomh héifeachtach ina shroicheann siad riachtanais na hOifige. **(ó thús na scéime)**



- Cúrsa traenála ar leith a sholáthar d'fhoireann teanga na Gaeilge i bPort Láirge (**laistigh de shé mhí tar éis tús na scéime**)
- Measúnacht a comhlíonadh ar na riachtanais oiliúna de na baill ar fhoireann na Gaeilge atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath. (**laistigh de shé mhí tar éis tús na scéime**)

11.2 Acmhainní

Beidh an fhoireann atá freagrach as seachadadh na seirbhíse trí Ghaeilge ábalta tagairtí ar sheirbhís phoiblí ar líne a rochtain, mar shampla www.coimisineir.ie, www.acmhainn.ie, www.gaelspell.ie

Soláthróimid mar acmhainn do théarmaí teicniúla, "Téarmaí Dí", atá as cóipcheart, i bhformáid ar líne sa chóras inmheánach.

Déanfaidh na Clárlanna forbairt ar lámhleabhar le fócloir/frásaí feiliúnacha.

Beidh réimse foclóirí curtha ar fáil d'fhoireann na Gaeilge. (**ó thús na scéime seo**)

12. Monatóireacht agus Athbhreithniú

Is í an Fhoireann Bainistíochta Shinsearach a bheidh freagrach as an scéim a chur i bhfeidhm, agus beidh monatóireacht reatha ar sholáthar seirbhíse agus ar éileamh na seirbhísí trí Ghaeilge faoi chúram an Oifigigh QCS, le cabhair ón bhFoireann Gaeilge. Déanfaidh bainisteoirí líne sna Rannáin monatóireacht ar chomhlíonadh laethúil na scéime laistigh dá réimsí féin, mar chuid dá bhfreagrachtaí iomlána faoin gclár le haghaidh nuachóiriú.

Sna hiniúchtaí custaiméara sa todhchaí beidh ceisteanna maidir le sástacht le soláthar na seirbhísí trí Ghaeilge, agus éileamh ar na seirbhísí seo.

Beidh tuairisciú á dhéanamh ar dul chun cinn na gClárlann i dTuarascáil Bhliantúil na gClárlann.

13. Foilsiú na Scéime Aontaithe

Beidh ábhar na scéime, chomh maith le dualgais agus forálacha, foilsithe don phobal trí mhodhanna éagsúla:

- Preaseisiúint
- Scaipthe go gníomhaireachtaí feiliúnacha agus comhlachtaí poiblí
- Suíomh Idirlín

Seoladh cóip den scéim seo go hOifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.